# Ráiteas um Chosaint Leanaí

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

De réir cheanglais Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, d'aontaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Ráiteas um Chosaint Leanaí mar atá leagtha amach sa doiciméad seo.
Tá an Chomhairle freagrach as réimse seirbhísí a sholáthar do chónaitheoirí agus do chuairteoirí Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, tithíocht agus pobal, bóithre agus iompar, pleanáil agus forbairt uirbeach, cultúr agus comhshaol agus seirbhísí fiontraíochta.
Aithníonn Comhairle na Cathrach gur gá breithnithe maidir le cosaint agus leas leanaí a léiriú ina mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile. Cloífidh Comhairle na Cathrach leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint leanaí ina beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus ina ngníomhaíochtaí:

- **Aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí ríthábhachtach, beag beann ar aon bhreithnithe eile;.**
- **Comhlíonfaidh sí a oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoi reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;.**
- **Comhoibreoidh sí leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le saincheisteanna cosanta leanaí.**
- **Glacfaidh sí cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú.**
- **Urramóidh sí ceanglais rúndachta go hiomlán agus iad ag déileáil le hábhair a bhaineann le cosaint leanaí.**

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, **'Tús Áite do Leanaí: An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017)'** agus treoir Tusla **'Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas'**. Cuirtear san áireamh freisin torthaí measúnuithe riosca ar an bhféidearthacht go ndéanfaí dochar do leanbh agus leas á bhaint as ár seirbhísí. Tacaíonn na nósanna imeachta* seo a leanas lenár rún leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhísí:

- **Nós Imeachta chun oibrithe agus oibrithe deonacha a earcú agus a roghnú go sábháilte chun oibriú le leanaí.**
- **Nós imeachta maidir le hoiliúint agus faisnéis um chosaint leanaí a sholáthar agus rochtain a fháil orthu, lena n-áirítear tarlú díobhála a shainaithint.**
- **Nós imeachta maidir le líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair i gcoinne oibrithe/oibrithe deonacha linbh a bhaineann leas as ár seirbhísí a bhainistiú;.**
- **Nós imeachta chun ábhair imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla.**
- **Nós imeachta chun liosta a choinneáil de na daoine (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha ar daoine faoi shainordú iad;**
- **Nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh.**

*Tá na nósanna imeachta uile atá liostaithe ar fáil ach iad a iarraidh.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, ceanglaítear ar Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath measúnú a dhéanamh ar riosca aon fhéideartha díobhála ó mhí-úsáid do leanbh agus é/í ag baint leasa as ár seirbhísí. Tá liosta de na réimsí riosca a sainaithníodh agus na nósanna imeachta chun na rioscaí seo a bhainistiú liostaithe thíos:

### Riosca ón bhfoireann nó ón oibrí deonach lena n-áirítear díobháil trí ghníomhaíocht ar líne

- Nósanna imeachta earcaíochta láidir.
- Nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin cuí an Gharda Síochána.
- Oifigigh Idirchaidrimh ainmnithe um Chosaint Leanaí a Cheapadh.
- Cód iompair do bhaill foirne chun treoir shoiléir a sholáthar d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha maidir le conas caitheamh le leanaí.
- Beartas um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm de réir riachtanais Tús Áite do Leanaí.
- Oiliúint ábhartha um Chosaint Leanaí do bhaill foirne.
- Nósanna imeachta chun déileáil le líomhain a dhéantar maidir le mí-úsáid i gcoinne fostaí nó oibrí deonach.
- Beartas TF don fhoireann
- Úsáid chuí TCI i seirbhísí ábhartha

### Riosca díobhála a dhéantar do dhuine óg/leanbh mar gheall ar rochtain a fháil ar ábhar míchuí ar líne nó ar chumarsáid mhíchuí/mhí-úsáideach trí na meáin shóisialta

- Beartas TF /Beartas meán sóisialta don fhoireann, Cód Iompair don fhoireann.
- Balla dóiteáin agus scagaire ábhair i spásanna ina bhfuil rochtain ag leanaí ar an idirlíon agus ar na meáin shóisialta ar fheistí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

### Riosca ó úsáideoir seirbhíse eile

- Cóimheasa leordhóthanacha foirne leanaí.
- Maoirseacht chuí ar leanaí/daoine óga ag an bhfoireann.
- Úsáid chuí a bhaint as TCI.
- Cód iompair d'úsáideoirí seirbhíse ar taispeáint i seirbhísí ábhartha.
- Cód iompair d'úsáideoirí seirbhíse ar taispeáint i seirbhísí ábhartha.
- Tuismitheoirí/caomhnóirí curtha ar an eolas faoin riachtanas maoirseacht chuí a dhéanamh ar leanaí i bhfoirgnimh agus i seirbhísí a bhfuil rochtain phoiblí orthu.
- Nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le seirbhísí ábhartha a sholáthar, lena n-áirítear srianta aoise ar úsáid aonair/úsáid seirbhísí gan mhaoirseacht, agus beartais ábhartha grianghrafadóireachta/taifeadadh

### Riosca ó chonraitheoirí/éascaitheoirí seachtracha

- Déantar grinnfhiosrúchán cuí ag an nGarda Síochána ar éascaitheoirí seachtracha a bhíonn i dteagmháil dhíreach le leanaí.
- Conraitheoirí/éascaitheoirí seachtracha chun comhairle a chur ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil Polasaí um Chosaint Leanaí agus Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm acu

### Riosca díobhála/imní nach n-aithníonn an fhoireann/oibrí deonach é

- Oiliúint ábhartha maidir le Cosaint Leanaí agus feasachta do gach ball foirne.
- Nósanna imeachta soiléire tuairiscithe i bhfeidhm.
- Sonraí an TA a scaipeadh ar gach ball foirne agus sonraí teagmhála atá ar fáil ar an inlíon.
- Beartas um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm a chomhlíonann go hiomlán le ceanglais Tús Áite do Leanaí.

### An baol a bhaineann le neamhchomhlíonadh an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus na Treorach Náisiúnta

- Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí.
- Fostaithe agus oibrithe deonacha a earcú agus a roghnú go cuí.
- Nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin cuí (de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 – 2016 do gach fostaí agus oibrí deonach ábhartha).
- Oiliúint chuí foirne.
- TAnna agus leas-TAnna a cheapadh agus oiliúint a chur orthu.
- Daoine Sainordaithe laistigh den eagraíocht aitheanta agus liosta de Dhaoine Sainordaithe á choinneáil ag an Oifigeach Cosanta.
- Measúnú Riosca agus Ráiteas um Chosaint Leanaí a Chomhlánú.
- Ráitis um Chosaint Leanaí a thaispeáint agus Ráitis a bheith ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse agus do Tusla.

**Aithnímid gur próiseas leanúnach atá i gceist le cur i bhfeidhm. Tá ár seirbhís tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhochar agus leas á bhaint acu as ár seirbhís. Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo i mí na Bealtaine 2026 agus déanfar athbhreithniú air arís i mí na Bealtaine 2028 nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith déanta ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas.**

**Má bhíonn ceisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, le Mary Quinn trí ghlao ar (01) 222 6173, an Duine Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí.**

**Richard Shakespeare**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin